

Rialachán leasaitheach ar an Rialachán maidir le Cábla-bhealaí

Arna ghlacadh ag Údarás Iarnróid na hIorua an 26 Meitheamh 2025 de bhun Acht Uimh. 29 an 22 Bealtaine 2017 maidir le Cábla-bhealaí § 4, cf. Cinneadh Tarmलगin an 22 Bealtaine 2017 Uimh. 633

I rialachán an 20 Nollaig 2022, Uimh. 2383 maidir le cábla-bhealaí (an Rialachán maidir le cábla-bhealaí), déantar na hathruithe seo a leanas:

Déanfar § 2-2, leibhéal sábháilteachta inghlactha le haghaidh cábla-bhealaí le haghaidh iompar paisinéirí, a léamh mar seo a leanas:

Ní mór leibhéal sábháilteachta inghlactha a bheith ag gach cábla-bhealach le haghaidh iompar paisinéirí.

Meastar go bhfuil leibhéal sábháilteachta inghlactha ag cábla-bhealach sna cásanna seo a leanas:

- a. comhlíonann sé an doiciméadacht atá mar bhonn leis an gcead oibríochta agus leis na hathruithe ina dhiaidh sin a thuairiscigh agus a phróiseáil Údarás Iarnróid na hIorua,
- b. oibrítear an cábla-bhealach go sábháilte, agus
- c. déantar cothabháil agus cigireacht ar an gcábla-bhealach lena áirithiú go bhfuil sé i riocht oibriúcháin iontaoifa.

Féadfaidh Údarás Iarnróid na hIorua a cheangal ar an oibreoir cábla-bhealaigh tríú páirtí neamhspleách nó monaróir an chábla-bhealaigh a úsáid chun doiciméadú a dhéanamh go gcomhlíonann an cábla-bhealach an ceanglas maidir le leibhéal sábháilteachta inghlactha sa dara mír.

Déanfar § 2-3, an fógra faoi thógáil cábla-bhealaigh, a léamh mar seo a leanas:

Ní mór fógra maidir le tógáil cábla-bhealaigh a sheoladh chuig Údarás Iarnróid na hIorua ionas gur féidir linn treoir a thabhairt maidir le ceanglais an rialacháin.

Déanfar § 2-4, na ceanglais maidir le cead oibriúcháin agus iarratas ar chead oibriúcháin, a léamh mar seo a leanas:

Tá cead oibriúcháin ag teastáil chun cábla-bhealach a oibriú. Sula gcuirtear cábla-bhealaí in úsáid, ní mór d'Údarás Iarnróid na hIorua cead oibriúcháin a eisiúint tar éis don iarratasóir doiciméadú a dhéanamh go gcomhlíonann an cábla-bhealach ceanglais theicniúla agus oibríochtúla.

Ní mór iarratas ar chead oibriúcháin a chur faoi bhráid Údarás Iarnróid na hIorua ar fhoirm fhorordaithe. Mí mór an méid seo a leanas ar a laghad a bheith san áireamh san iarratas ar chead oibríochta:

- a) Doiciméadacht theicniúil
- b) Páirteanna ábhartha den chóras bainistíochta sábháilteachta
- c) Doiciméadacht árachais agus slándála
- d) Deimhniú críochnaithe nó cead úsáide sealadaí de réir Acht Pleanála agus Foirgníochta § 21-10.

I gcás iarratais ar chead oibriúcháin nua tar éis an cábla-bhealaigh a mhodhnú, ní mór doiciméadacht theicniúil agus codanna ábhartha den chóras bainistíochta sábháilteachta a bheith san iarratas. Ní mór mír c agus mír d a chur isteach má tá siad ábhartha don mhodhnú.

Ní mór go mbeadh an doiciméadacht theicniúil in Ioruais, i Sualainnis, i nDanmhairgis nó i mBéarla.

Cinnfear iarratas ar chead oibriúcháin a luaithe is féidir, agus tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine tar éis an dáta a cuireadh an doiciméadacht uile is gá faoi bhráid Údarás Iarnróid na hIorua.

Ní mór do chábla-bhealaí le haghaidh earraí na ceanglais i gCaibidil 5 a chomhlíonadh chun cead oibriúcháin a fháil.

Ní mór do chraenacha cábla na ceanglais i gCaibidil 6 a chomhlíonadh chun cead oibriúcháin a fháil.

Nua § 2-4 a Ceanglais maidir le cábla-bhealach nua

Ní mór do chábla-bhealach nua Rialachán (AE) 2016/424 a chomhlíonadh. Meastar freisin gur cábla-bhealach nua é cábla-bhealach atá cóimeáilte ó chomhpháirteanna úsáidte.

Nua § 2-4 b. Ceanglais maidir le cábla-bhealach a atosú

Is féidir le cábla-bhealach atá ann cheana cead oibriúcháin nua a fháil. Ní mór don chábla-bhealach an doiciméadacht bhunaidh maidir leis an gcábla-bhealach agus aon athrú a thuairiscigh agus a phróiseáil Údarás Iarnróid na hIorua a chomhlíonadh. Ní mór an cábla-bhealach a choinneáil i riocht oibriúcháin iontaofa.

Déanfar athbhreithniú ar mhodhnuithe nach bhfuil próiseáilte ag Údarás Iarnróid na hIorua i ndáil leis an iarratas agus de réir rialacha an rialacháin maidir le modhnuithe ar chábla-bhealaí.

Má tá an cead oibriúcháin foirceanta agus má chuirtear an t-iarratas isteach níos mó ná bliain amháin tar éis an fhoirceanta, ní mór don iarratasóir a dhoiciméadú go gcomhlíonann an cábla-bhealach Rialachán (AE) 2016/424. I gcás cábla-bhealaí nach gcomhlíonann Rialachán (AE) 2016/424, ní mór don iarratasóir a dhoiciméadú go bhfuil an cábla-bhealach tógtha de réir na gcaighdeán comhchuibhithe Eorpach nó go bhfuil leibhéal sábháilteachta coibhéiseach aige.

Féadfaidh Údarás Iarnróid na hIorua a cheangal go dtiocfaidh an doiciméadacht ó thríú páirtí neamhspleách nó ó mhonaróir an chábla-bhealaigh.

Nua § 2-4 c Athlonnú cábla-bhealaigh

Teastaíonn cead oibriúcháin nua i gcónaí chun cábla-bhealach a athlonnú.

Nuair a bhíonn cábla-bhealach a chomhlíonann Rialachán (AE) 2016/424 á athlonnú, ní mór don chábla-bhealach Rialachán (AE) 2016/424 a chomhlíonadh freisin tar éis a athlonnaithe. Ní mór an cábla-bhealach a choinneáil i riocht oibriúcháin iontaofa.

Nuair a bhíonn cábla-bhealach á athlonnú nach gcomhlíonann Rialachán (AE) 2016/424, ní mór don iarratasóir a dhoiciméadú go bhfuil an cábla-bhealach tógtha de réir na gcaighdeán Eorpach comhchuibhithe nó go bhfuil leibhéal sábháilteachta coibhéiseach aige. Ní mór modhnuithe ar an gcábla-bhealach agus a n-iarmhairtí foriomlána a bheith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/424. Ní mór an cábla-bhealach a choinneáil i riocht oibriúcháin iontaofa.

Nuair a bhíonn cábla-bhealach á athlonnú, féadfaidh Údarás Iarnróid na hIorua a cheangal go dtiocfaidh an doiciméadacht ó thríú páirtí neamhspleách nó ó mhonaróir an chábla-bhealaigh.

Nua 2-5 Modhnuithe ar chábla-bhealaí le haghaidh iompar paisinéirí

Má tá cábla-bhealach le haghaidh iompar paisinéirí le modhnú, ní mór é a thuairisciú i scríbhinn d'Údarás Iarnróid na hIorua sula gcuirfear tús leis an modhnú.

Déanfaidh Údarás Iarnróid na hIorua measúnú i dtaobh an bhfuil an modhnú suntasach de réir § 2-5 a. Ní mór go gcuimseofaí i bhfógra ar mhodhnú cábla-bhealaigh tuairisc ar an modhnú atá beartaithe, tuairisc ar na comhpháirteanna atá á n-athsholáthar nó á gcur leis, agus measúnú riosca ina bhfuil breithnithe comhéadain.

Nuair a dhéantar modhnuithe ar chábla-bhealaí a chomhlíonann Rialachán (AE) 2016/424, ní mór don mhodhnú Rialachán (AE) 2016/424 a chomhlíonadh.

Maidir le modhnuithe ar cábla-bhealaí nach gcomhlíonann Rialachán (AE) 2016/424, ní mór don mhodhnú leibhéal sábháilteachta an chábla-bhealaigh a chothabháil nó a fheabhsú.

Féadfaidh Údarás Iarnróid na hIorua a cheangal ar an oibreoir cábla-bhealaigh tríú páirtí neamhspleách nó monaróir an chábla-bhealaigh a úsáid chun a dhoiciméadú go gcoinníonn nó go bhfeabhsaíonn an modhnú leibhéal sábháilteachta an chábla-bhealaigh. Ní mór an doiciméadacht a chur faoi bhráid Údarás Iarnróid na hIorua.

Nua § 2-5 a Modhnú suntasach agus iarratas nua ar chead oibriúcháin

Má tá modhnú suntasach ar an gcábbla-bhealach, ní mór do na modhnuithe agus dá n-iarmhairtí foriomlána Rialachán (AE) 2016/424 a chomhlíonadh.

Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh aige maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil an modhnú suntasach, breithneoidh Údarás Iarnróid na hIorua an riosca a bhaineann leis an modhnú.

I gcás modhnú suntasach, ní mór don oibreoir cábla-bhealaigh iarratas a dhéanamh ar chead oibriúcháin nua don chábbla-bhealach tar éis an mhodhnaithe. Ní féidir an cábla-bhealach a chur in úsáid arís go dtí go mbeidh cead oibriúcháin nua eisithe ag Údarás Iarnróid na hIorua tar éis an mhodhnaithe.

Déanfar § 2-13, an tríú mír, litir d, a léamh mar seo a leanas:

- d. treoracha agus nósanna imeachta maidir leis an méid seo a leanas:
 - i. Oibriú sábháilte
 - ii. Cigireacht
 - iii. Cothabháil

Déanfar § 2-14, an dara mír, a léamh mar seo a leanas:

Déanfar treoracha maidir le hoibriú, cigireacht agus cothabháil shábháilte a ullmhú bunaithe ar threoir ón soláthróir, i gcás ina mbeidh a leithéid ar fáil. Mura bhfuil aon treoir ar fáil ón soláthróir, leanfar caighdeán aitheanta. Tabharfar tuairisc sna treoracha ar cé atá freagrach as an gcur chun feidhme.

Déanfar § 3-12, an tríú agus an ceathrú mír, a léamh mar seo a leanas:

Tabharfar tuairisc sna nósanna imeachta ar chigireacht thréimhsiúil chuí, lena n-áirítear cigireacht ar rópaí agus ar struchtúir thacaíochta an chábbla-bhealaigh. Má tá tuairiscí ar chigireacht agus ar chothabháil ar fáil ó sholáthróir an chábbla-bhealaigh, leanfar tuairiscí an tsoláthróra. Mura bhfuil aon tuairisc ar chigireacht agus ar chothabháil ar fáil ó sholáthróir an chábbla-bhealaigh, leanfar caighdeán aitheanta.

Ina theannta sin, déanfaidh an t-oibreoir cábla-bhealaigh measúnú ar an ngá atá le cigireacht agus le cothabháil bhreise nó eatraimh níos giorra ná na heatraimh a mholann an soláthróir nó a léirítear sa chaighdeán.

Déanfar § 3-13, an chéad abairt den chéad mhír, a léamh mar seo a leanas:

Maidir le cábla-bhealaí le haghaidh iompar paisinéirí nach gcomhlíonann Rialachán (AE) 2016/424, déanfar comhpháirteanna ábhartha agus páirteanna struchtúracha atá faoi réir ualaí strustuirse nó faoi réir strustuirse a thástáil trí thástáil neamhscriosach i gcomhréir le caighdeán aitheanta.